Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**Lorgaítear iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí le bheith ar phainéal don phost seo a leanas ónar féidir folúntais Shealadacha a thagann chun cinn le linn shaolré an phainéil a líonadh:**

# *CEANN CUMARSÁIDE (GRÁD VIII)*
# *CONRADH 5 BLIANA AR THÉARMA SEASTA*

**Ní mór, i gcás gach Iarrthóra, ar an dáta is déanaí chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil:**

i. Cáilíocht oideachais ar a laghad ag **leibhéal 7** i ndisciplín a bhaineann leis na meáin/cumarsáid agus taithí oibre shonrach ar leibhéal coibhéiseach chun sástacht na Comhairle a bheith acu.

ii. **7 mbliana de thaithí shásúil** ar a laghad a bheith acu i ról leathan cumarsáide e.g. Caidreamh Poiblí, Iriseoireacht, Bainistíocht Meán, Cumarsáid Chorparáideach, Feachtais Chumarsáide agus Meáin Dhigiteacha.

iii. Ardleibhéal líofachta agus inniúlachta sa teanga (ó bhéal agus i scríbhinn) a bheith acu. Cáilíocht íosta ag **leibhéal 7** ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí sa Ghaeilge nó cáilíocht e.g. TEG Leibhéal C1 sa Ghaeilge bainte amach.

iv. Tuiscint chruthaithe ar thimpeallacht oibriúcháin an rialtais áitiúil, ar thimpeallacht na meán traidisiúnta agus digiteach in Éirinn agus saineolas cruthaithe i réimse na cumarsáide.

v. Taithí shuntasach ar a bheith ag plé leis na meáin.

vi. Scileanna ceannaireachta cruthaithe ag leibhéal bainistíochta agus taithí ar fhoireann a bhainistiú i dtimpeallacht atá ag athrú go gasta agus comhairle a chur ar cheannairí sinsearacha in eagraíocht.

vii. Taithí ar shaineolas cumarsáide a chur le forbairt straitéisí agus pleananna eagraíochta níos leithne.

viii. Léirithe arís agus arís ag leibhéal sinsearach i gceannaireacht agus i mbunú feidhm chumarsáide láraithe, lena n-áirítear comhairle straitéiseach ardleibhéil a thabhairt

don bhainistíocht shinsearach maidir le caidreamh leis na meáin agus cumarsáid phoiblí, lena n-áirítear cumarsáid éigeandála.

ix. Taithí léirithe ar a bheith i gceannas ar chumarsáid le linn éigeandálaí, eachtraí criticiúla agus imeachtaí drochaimsire, lena n-áirítear comhordú teachtaireachtaí poiblí tráthúla, cruinne agus comhairle a chur ar an mbainistíocht shinsearach mar chuid d'fhreagairt éigeandála eagraíochta.

x. Taithí léirithe ar a bheith i gceannas ar chumarsáid phoiblí inrochtana agus chuimsitheach laistigh d'eagraíocht chasta, ag cinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla.

xi. Cumas léirithe i: Bainistíocht agus Athrú Straitéiseach, Feidhmíocht trí Dhaoine, Torthaí a Bhaint Amach agus Éifeachtacht Phearsanta.

**Ba chóir d'iarratasóirí, ar dháta an iarratais, ceadúnas bailí iomlán neamhfhormhuinithe Éireannach/AE a bheith acu, le haghaidh feithiclí Aicme B, nó ceadúnas atá inghlactha ag SNCT le haghaidh aistrithe go ceadúnas iomlán Éireannach,**

**Tuarastal: €82,595 - €109,155 in aghaidh na bliana**

Féadfaidh sé go gcuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta le haghaidh agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil leis an bhfoirm iarratais.

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí maidir leis an bpost seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.galway.ie, nó is féidir iad a fháil ach dul i dteagmháil leis an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh – Uimhir Theileafóin; 091 509303, ríomhphost hr@galwaycoco.ie.

Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur ar ais ná **4.00p.m. Déardaoin, 25 Meitheamh 2026.**

**E. Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí.**
**IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**